# Blaiseadh de Chorca Dhuibhne

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi sheanghrianghraif atá á mbailiú (*old photographs that are being collected*) i gCorca Dhuibhne. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| grianghraif<br>á mbailiú<br>éadaí | *a collection*<br>*archives*<br>*to conserve* |

1. Cá bhfuil Corca Dhuibhne?
2. Cad is brí le teideal an tionscadail, *Blaiseadh de Chorca Dhuibhne*, dar leat? Cuardaigh an focal 'blaiseadh' ar www.teanglann.ie, más gá.
3. Féach ar an montáis a thaispeánfaidh an teagascóir daoibh, faoi dhó agus freagair na ceisteanna thíos:
   a) Cathain a tógadh an chuid is mó de na grianghraif sa mhír, dar leat?
   b) Conas atá na daoine gléasta?
   c) Cad iad na modhanna iompair (*modes of transport*) a fheictear sna grianghraif?
   d) Cad a bhí ag na daoine sna grianghraif in áit tarracóirí?
   e) Cén cineál bia a bhí ann ag an am, de réir na ngrianghraf?
   f) Cad é an grianghraf is fearr leat? Cén fáth?
4. Téigh go dtí an suíomh anseo. Cad a cheapann tú faoin gcoincheap (*concept*) grianghraif a bhailiú agus a chur ar shuíomh mar sin?





# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. cartlann | *a. to admire, ogle at something* |
| 2. fíorluachmhar | *b. in personal possession* |
| 3. i seilbh phríobháideach | *c. social history* |
| 4. íomhá | *d. haystacks* |
| 5. cnuasach | *e. collection* |
| 6. ag ceansú | *f. fields* |
| 7. a chaomhnú | *g. archive* |
| 8. goirt | *h. image* |
| 9. cocaí féir | *i. to preserve* |
| 10. stair shóisialta | *j. extremely valuable* |
| 11. lán na súl a bhaint as (rud) | *k. loitering* |
| 12. ag máinneáil | *l. controlling* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Ciallaíonn 'níos gaire' *nearer*. Cén Ghaeilge atá ar *near*? ______________________

3. Baintear úsáid as an bhfocal 'laistiar' sa mhír chun *behind* a rá. An bhfuil bealach ar bith eile agat féin chun an rud céanna a rá? ______________________

4. Baintear úsáid as an mbriathar 'chí' sa mhír. Is ionann an briathar 'chí' agus an briathar 'feic'. Líon an tábla leis an bhfoirm chéanna den bhriathar 'feic'.

| **Chí** | **Feic** |
|---|---|
| chíonn muid | |
| ní chífidh aon duine | |

5. Cad a dhéanann na daoine seo a leanas?

| | |
|---|---|
| taighdeoir | |
| antraipeolaí | |

6. Cad is brí le 'bóithrín na smaointe' dar leat? ______________________

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

| |
|---|
| a) Cé mhéad íomhá atá sa chnuasach? |
| |
| b) Cé leis na grianghraif seo? |
| |
| c) Cén fáth a bhfuil cóipeanna digiteacha á ndéanamh de na grianghraif? |
| |
| d) Cén bhaint atá ag an gComhairle Oidhreachta leis an scéal? |
| |
| e) Céard atá le feiceáil sna grianghraif, de réir Ruth Uí Ógáin? |
| |
| f) Cén fáth a gceapann Lís Ní Dhálaigh Uí Chéilleachair gur tionscadal luachmhar é *Blaiseadh de Chorca Dhuibhne*? |
| |
| g) Cé a bhainfeadh taitneamh agus tairbhe as na grianghraif seo? |
| |
| h) Cad a deirtear faoin suíomh www.cfcd.ie? |
| |

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Is ________________ seanghrianghraf é *Blaiseadh de Chorca Dhuibhne*.
- Tá gach pictiúr ________________ sa chartlann.
- Feictear nósanna feirmeoireachta: ________________ agus ________________.
- Tá breis is 400 ________________ i g________________ *Bhlaiseadh de Chorca Dhuibhne*.
- Tá Ruth Uí Ógáin _______________ na staire trí na grianghraif a _______________.
- Bhí dorn maith pictiúr ________________ Lís Ní Dhálaigh Uí Chéilleachair.
- Is féidir _____________________ na grianghraif agus is féidir leat a bheith ________________ leat ar an suíomh www.cfcd.ie.
- Tá an cnuasach an-luachmhar ó thaobh ________________ na háite de.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (céimeanna comparáide na haidiachta, mírialta)

a) Is minic a mheasctar na haidiachtaí 'gar' agus 'gearr'. Cad is brí leis na haidiachtaí sin? Líon isteach na bearnaí sa tábla:

| Aidiacht | Béarla | Breischéim | Sárchéim |
|---|---|---|---|
| gar | | níos _______________ | is _______________ |
| gearr | | níos _______________ | is _______________ |

b) Líon na bearnaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach aidiacht:

| | |
|---|---|
| álainn | níos/is _______________ |
| dian | níos/is _______________ |
| fada | níos/is _______________ |
| leathan | níos/is _______________ |
| maith | níos/is _______________ |
| olc | níos/is _______________ |
| beag | níos/is _______________ |
| mór | níos/is _______________ |
| tapa | níos/is _______________ |
| te | níos/is _______________ |

c) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cumaigí abairtí leis na haidiachtaí thuas faoi rudaí áirithe atá fíor fúibh féin. Mar shampla:

Is é mo mhadra beag, Cutie, an madra is áille ar domhan.
Tá mo thuismitheoirí níos déine ná do chuidse.

## 2: Cruinneas gramadaí (an t-ainmfhocal san uimhir iolra)

a) Téigh go dtí www.teanglann.ie agus aimsigh iolraí na n-ainmfhocal thíos:

| uatha | iolra |
|---|---|
| grianghraf | |
| cóip | |
| íomhá | |
| athrú | |
| pictiúr | |
| taighdeoir | |
| antraipeolaí | |

b) Éist leis an mír arís. Ar bhain na cainteoirí úsáid as na hiolraí sin i gcónaí? Cén fáth nár úsáideadh na hiolraí caighdeánacha i gcónaí, dar leat?

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Téigh go dtí gailearaí na ngrianghraf ar do ghuthán póca. Roghnaigh grianghraf ón ngailearaí a thaitníonn go mór leat agus a thugann léargas maith ar do shaol faoi láthair, dar leat. Cuirfidh tú an grianghraf sin i láthair an ranga ar ball beag. Freagair na ceisteanna thíos faoin ngrianghraf a roghnaigh tú mar ullmhúchán don chur i láthair.

a) Cé atá sa ghrianghraf?
b) Cá bhfuil sé? Cad a fhoghlaimítear faoin timpeallacht nó faoin áit ar tógadh an grianghraf?
c) Conas atá daoine gléasta? Cén fáth a bhfuil siad gléasta mar sin?
d) Cén fáth ar tógadh an grianghraf?
e) Cén fáth a bhfuil dúil agat sa ghrianghraf áirithe sin?



## 2: Scríobh

Ba mhaith leat an grianghraf thuas, a thaispeáin tú don rang, a chur ar na meáin shóisialta anois. Scríobh postáil ghearr a bheadh oiriúnach don ghrianghraf.

| Tá mise agus mo chuid cairde ag ól caife … |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Níos gaire don bhaile agus tá cartlann fhíorluachmhar seanghrianghrafanna á cur le chéile i gCorca Dhuibhne. *Blaiseadh de Chorca Dhuibhne* an t-ainm atá ar an togra, ina bhfuil cóipeanna digiteacha á ndéanamh de ghrianghrafanna[1] atá i seilbh phríobháideach le go mbeidís ar fáil don phobal. Tá breis is 400 íomhá sa gcnuasach[2] cheana féin, cuid acu sin tógtha sna 1920idí.

**Ruth Uí Ógáin, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne**
Seo ceann suimiúil anseo, is dóigh liom féin. Tógadh ar an mBlascaod sna seachtóidí is dóigh liom agus ….

**Seán Mac an tSíthigh**
Tá Ruth Uí Ógáin ag ceansú na staire. **"**Tógadh an lá céanna é."

Le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, tá cuireadh tugtha do mhuintir Chorca Dhuibhne seanghrianghraif a thabhairt uathu agus cóipeanna digiteacha a dhéanamh díobh, in iarracht iad a chaomhnú agus iad a roinnt ar an bpobal. Tosaíodh ar an obair seo cúpla mí ó shin; os cionn 400 íomhá bailithe. Agus is gleoite an cnuasach é.

**Ruth Uí Ógáin, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne**
Bhuel, tá saibhreas cinnte, tá saibhreas … rudaí luachmhara atá tagtha chugainn. Mar fiú ag dul siar go dtí na 1970idí agus na 1980idí, tá an oiread sin athruithe tagtha ar an saol ó shin. Abair, má fhéachann tú ar na pictiúirí[3] – na héadaí atá ar na daoine, na saghsanna…fiú na leanaí amuigh ag imirt, cad iad na saghsanna cluichí agus rudaí mar sin a bhí acu. Abair, tá an oiread sin eolais sa ghrianghraf féin. B'fhéidir gur thóg duine éigin ag an am grianghraf agus b'fhéidir gur an duine ab ea an príomhrud sa ghrianghraf ach gan dabht anois, chíonn muidne timpeall orthu – na tithe laistiar díobh agus na goirt agus na cocaí féir agus é seo ar fad.

**Lís Ní Dhálaigh Uí Chéilleachair, Dún Chaoin**
Tá sé seo agam, a Sheáin, ceann a tógadh in *Ryan's Daughter*.

**Seán Mac an tSíthigh**
Tá dorn deas pictiúirí bronnta ag Lís Uí Chéilleachair ar an gcartlann.

**Lís Ní Dhálaigh Uí Chéilleachair, Dún Chaoin**
Tá mé féin ansin. Is dóigh go bhfuil ana-luach[4] ag baint leis, a Sheáin, mar is pictiúirí iad seo, má tá siad istigh ag an mbaile agat, ní chífidh éinne[5] iad. Agus más rud é go dtugann tú do Ruth iad, tá siad ar fáil i gcónaí agus beidh siad ann go deo agus beidh cóip ag duine éigin díobh agus is féidir le daoine eile iad a fheiscint[6]. Tá sé go hiontach!

**Ruth Uí Ógáin, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne**
Ó thaobh stair shóisialta na háite, tá sé sin ar fad ann d'éinne a bheadh ag lorg eolais mar gheall ar cad iad na saghsanna tithe a bhí ann agus na saghsanna éadaí agus rudaí mar sin. Ach ní hamháin do thaighdeoirí agus do – abair – antraipeolaithe agus daoine mar sin ach don ghnáthdhuine chomh maith. Tá saghas saibhris ag baint leis na pictiúirí.

**Seán Mac an tSíthigh**
Seolfar *Blaiseadh de Chorca Dhuibhne* i dtosach na míosa seo chugainn ach tá an suíomh beo cheana féin. Deis agat lán na súl a bhaint as na híomhánna agus a bheith ag máinneáil leat trí bhóithrín na smaointe.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4 i gCorca Dhuibhne.

---

[1] Grianghrafanna = leagan canúnach de 'grianghraif'
[2] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.
[3] pictiúirí = leagan canúnach de 'pictiúir'
[4] 'an-luach' a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] éinne = leagan canúnach de 'aon duine'
[6] Feiscint = leagan canúnach de 'feiceáil'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh ceisteanna 1 – 2 a phlé le chéile ar dtús. Cuir an físeán 'Montáis de ghrianghraif' ar siúl dóibh ansin faoi dhó. Tabhair deis dóibh na ceisteanna eile a dhéanamh ansin. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| cartlann | *archive* |
| fíorluachmhar | *extremely valuable* |
| i seilbh phríobháideach | *in personal possession* |
| íomhá | *image* |
| cnuasach | *collection* |
| ag ceansú | *controlling* |
| a chaomhnú | *to preserve* |
| goirt | *fields* |
| cocaí féir | *haystacks* |
| stair shóisialta | *social history* |
| lán na súl a bhaint as (rud) | *to admire, ogle at something* |
| ag máinneáil | *loitering* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | j | b | h | e | l | i | f | d | c | a | k |

2. *Near* = gar.
3. Laistiar, taobh thiar, ar chúl.
4. Freagraí:

| **Chí** | **Feic** |
|---|---|
| chíonn muid | feicimid |
| ní chífidh aon duine | ní fheicfidh aon duine |

5. Freagraí:

| | |
|---|---|
| taighdeoir | Duine a dhéanann taighde acadúil nó eolaíoch. |
| antraipeolaí | Duine a dhéanann staidéar ar shochaithe agus ar chultúir an duine. |

6. *Memory lane.*

## C: TUISCINT

1. Féach an script.
2. Freagraí:
   - Is **cartlann** seanghrianghraf é *Blaiseadh de Chorca Dhuibhne*.
   - Tá gach pictiúr **fíorluachmhar** sa chartlann.
   - Feictear nósanna feirmeoireachta: **goirt** agus **cocaí féir**.
   - Tá breis is 400 **íomhá** i g**cnuasach** *Bhlaiseadh de Chorca Dhuibhne*.
   - Tá Ruth Uí Ógáin **ag ceansú** na staire trí na grianghraif **a chaomhnú**.
   - Bhí dorn maith pictiúr **i seilbh phríobháideach** Lís Ní Dhálaigh Uí Chéilleachair.
   - Is féidir **lán na súl a bhaint as** na grianghraif agus is féidir leat a bheith **ag máinneáil** leat ar an suíomh www.cfcd.ie.
   - Tá an cnuasach an-luachmhar ó thaobh **stair shóisialta** na háite de.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (céimeanna comparáide na haidiachta, mírialta)

a) Tarraing aird na bhfoghlaimeoirí ar an tslí a bhfuaimnítear an **g** leathan agus an **g** caol. Freagraí:

| Aidiacht | Béarla | Breischéim | Sárchéim |
|---|---|---|---|
| gar | *near* | níos **gaire** | is **gaire** |
| gearr | *short* | níos **giorra** | is **giorra** |

b) Freagraí:

| | |
|---|---|
| álainn | níos/is **áille** |
| dian | níos/is **déine** |
| fada | níos/is **faide** |
| leathan | níos/is **leithne** |
| maith | níos/is **fearr** |
| olc | níos/is **measa** |
| beag | níos/is **lú** |
| mór | níos/is **mó** |
| tapa | níos/is **tapa** |
| te | níos/is **teo** |

c) Abair leo na haidiachtaí a úsáid chun labhairt faoina saol féin.

## 2: Cruinneas gramadaí (an t-ainmfhocal san uimhir iolra)

a) Freagraí:

| **uatha** | **iolra** |
|---|---|
| grianghraf | grianghraif (*grianghrafanna* a bhí sa mhír, chomh maith) |
| cóip | cóipeanna |
| íomhá | íomhánna |
| athrú | athruithe |
| pictiúr | pictiúir *(pictiúirí* a bhí sa mhír) |
| taighdeoir | taighdeoirí |
| antraipeolaí | antraipeolaithe |

b) Is minic leaganacha malartacha de na hiolraí a bheith ag cainteoirí sna Gaeltachtaí éagsúla.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do na foghlaimeoirí grianghraf a roghnú óna nguthán póca agus a machnamh a dhéanamh ar fhreagraí na gceisteanna. Iarr ar gach foghlaimeoir an grianghraf a chur i láthair an ranga. Ba cheart go dtabharfadh gach grianghraf léargas maith ar an saol comhaimseartha.

### 2: Scríobh

Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an ngrianghraf do na meáin shóisialta.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.